

SGÉUL NA LÁIR DHONN.

Rí bhí in Éirinn fadó, bhí sé pósta agus triúr mac aige. Nuair a bhí an chlann suas ina ngasúir cailleadh a mathair agus bhí an Rí annsin a ceapadh nach bpósadh sé fhéin chor a' bith. Bhí daoine a cur comhairle air pósadh. Dubhairt sé nach bpóasdh nach ngabhfhadh sé tabhairt leas mháthair ag an gclann, go raibh triúr mac aige agus dha mbeadh ingean aige nach gcuirfheadh sé leath shuim ann. Ach bhíodar a gabhail dhó go dteo gur dubhairt sé "mo chradadh is mo mhilleadh chugam go dtiocfadh mé a toruigheacht bean agus má theigheann ní ghabhfhaidh m'é thar a gcéad bhean a chasfar dhom."

D'ímtigh leis agus chuaidh sé a marcuigheacht ar a chapall agus bhí sé siubhal leis gur casadh cailleadh air. Bhí an fhiacail a b'faide siar ina ceann 'na steafóg ina laimh agus an ceann ba goire dhi ina steafóg ina brollach "'S ann dhuit a Rí i nÉirinn" adeir sí "'S ann cheana" adeir a Rí. "A bpósfhaidh tú mise a Rí i nÉirinn" adeir sí. "Mo chradhadh agus mo mhille chugam dhá mbeinn gan bean go dteó dhá bpósfhainn tú." adeir sé. Ghreamuigh sí cosa an chapail dhó'n talamh agus ghreamuigh sí a thóin dhó'n diallaid agus chuir sí stoirm thinntí ann go maidin lá'r na mháireach. Tháinig sí chomh fada leis "a bpósfaidh tú aonos mé" adeir sí. "mo crádhadh agus mo mhilleadh chugam nach bpósfaidh" adeir sé. D'fhága sí ann é go dtí maidin an dara lá agus dfhiaruigh sí ansoin de a bpósfhadh sé í agus dubhairt sé nach bpósfadh. Ar maidin an triomadh lá tháinig sí chomh fada leis "bpósfaidh tú anois mé a Rí i nÉirinn" adeir sí. "Teirigh taobh thiar dhíom anseo agus nár mharbhuigh mé tú" adeir sé. Bhí teacht in aice na cúirte annsin bhreathnuigh sé siar a ceapadh go mba aisteach an rud dhó a leithéide a bheith a teacht aige agus nuair a bhreathnuigh sé siar ní fhaca sé aon bhean ariamh ba breaghtha ná í. D'iompuigh sé thairis siar ansoin agus mhúch sé le póga í agus bháith sé le deóra í agus thriomuigh sé le brata míne síoda agus sróilí agus le gruaig a chinn fhéin í.

Nuair a thug sé isteach 'sa gcúirt í chuir sé fios ar shagart méise's cléireach uisge gur phósadar. Sé'n obair a bhíodh ar a Rí agus ar a thriúr mac a fiadhach 's a fionnsgara chuile lá agus sé chaoi mbiadh a mac is sine a' thigheacht chuile oidhche a dhiallaid ina laimh aige mar bhíodh an capall marbhuighthe aige. Níor mhaith leis ansoin bheith a marbhughadh na gcapall agus ní dheacha aon bhean isteach i dteach ariamh a bhfearr ná í. Nuair a bhí siad a dul amach an lá seo dubhairt sí leis a mac is sine "fan istigh indiu agus ná bíodh do dhiallaid ar do dhroim a teacht chuile lá a'd ach fan in éinfheacht liom fhéin corr lá." D'fhan sé istigh in éinfheacht léithi agus nuair a bhí píos de'n lá ann ghleas sí síos an dinnéar dhi fhéin agus dó fhéin. Nuair a bhí an dinnéar iththe ghlan sí suas a' bord agus leag sí anuas paca cartáí. Dfiaruigh sí dhe a nimircochaidh sé cluiche agus dubhairt sé nach mbeadh aon locht aige air.

Chuaigh siad ag imirt agus chuir sé an chéud cluife uirthi. "Tabhair do bhreith anois" adeir sí "cuirim dhe breith ort" adeir sé "gan innseacht do m'athair gur imir mé aon carta ariamh." Ní mórán dhe bhreith é sin" adeir sí. Chuaidh siad ag imirt aríst agus chuir sí an cluiche air "tabhair do bhreith anois" adeir sé. Ní beag dhuit-se a thíúisge" adeir sí "Cuirim se faoi

gheasa thú's faoi mór dhiomiu na bliadhna gan an dara béilí ithe dhe aon bhord ná an darna hoidhche chodhladh ar aon leaba go bhfuigh tú capall a mbainfidh tú lá marguicheacht aisti gan í mharbhughadh." D'ímtigh leis agus nuair a tháinig an t-athair agus na dreatharacha isteach d'inish sé dhóib é.

Ar maidin lá'r na mháireach dubhairt sé go mbeadh sé ag imteacht. "Tabhair leat an tsraon (srian) sin an sin" adeir an leas mháthair "agus gaibh amach sa bpáirc agus craith í agus cebri capall a thiocthas leat croch leat í agus bí ag imteacht go bhfaigh tú an capall a dheanfas na gnaithí dhuit." D'ímtigh leis agus thug sé leis a tsrian agus tháinig an capall ba dhona a bhí sa bpáirc chomh fada leis. Thug sé isteach í. "Creidim go bhfuil tú in t-an mharcach" adeir a' bhean "teirigh ag marcúigheacht go bhfeicfidh mé a bhfuil aon mhaith leat." Chuaigh sé ar marcúigheacht agus d'eirigh an capall dhe léim agus chuaigh sí thar a gcúirt agus d'eirigh sí aríst agus chaith sí an chúirt dhe léim. "Bféidir go ndeanfá na gnaithe" adeir sí. "Anois" adeir sí "nuair a bhuilfear suas í sin ort má castar coill ort gabh isteach sa gcoill agus gheobhfhaidh tú cúirt istigh 'sa gcoill agus gabh isteach 'sa gcoill agus tá dreabhthar do mháthair 'sa gcúirt pósta ag fathach innis di-se cá bhfuil tú a dhul ach ná innis dhon fhathach é." D'ímtigh leis agus ní ar a talamh is mú a bhí an capall ag imteacht ach san aer go raibh diúin agus deireadh an lae a teacht.

Chonaic sé an choill agus ar a bpointe is a bhfaca sé an choill thuit an capall agus níor fhan deóir innti. Nuair a' cailleadh a capall ní raibh aige ach siubhal leis agus bhí sé siubhal ariamh go ndeachaigh sé isteach 'sa gcoill. Bhí sé siubhal go ndeachaigh sé isteach 'sa gcúirt agus nuair a chuaigh sé isteach bhí bean ina seasamh ar an uarlár. "Céad míle fáilte romhat" adeir sí "a dhalta mo dhreabhtaire (dreathára)" "mara bhfuil fhéin" adeir sé "tháinig mé leag sí anuas chuile rud dhá fheabhas aige agus nuair a bhí sé ithte aige. D'fhiarruigh sí dhe ar geasa a bhí air. "Ó níl neart aici sin ar," adeir sí "ba mhaith leithi dhá fheabhas dá mbheidhfeá. Sin dreabhthar dho fhear a tigh seo agus an capall sin a bhí agat indiu as seo a d'fhaf sí mar ní raibh aon chapall eile i ndon thú thabhairt anseo ach í" adeir sí "beidh tú i dteach dreabhtaire eile dhomsa san oidhche máireach agus i dteach dréathar dho fhear a tigh, tiubhrfha mise capall dhuit a thabharfas ann thú." Nuair d'eirigh sé ar maidin lá'r na mháireach chuimil sé bois dhá suile dhá bhúrla (múrla) agus dhá mhailí, chiar sé a cheann ghabh sé a' chrath agus d'ith sé a bhriacfaста chuaidh sé go dtí tobar na meala agus d'ionnladh sé é fhéin. Chuaidh sé ag marcúigheacht ar a gcapall, dubhairt a' bhean leis agus a fathach chomh maith le céile go mbeadh sé i gcolamh coille(colbha) nuair a chaillfí an capall air aríst agus go bhfeadhfhadh sé siubhal isteach 'sa gcoill ag a gcúirt.

D'ímtigh leis ansin, nuair a tháinig sé ag ciumhais na coille thuit an anáil as a gcapall. Shiubhail sé isteach sa gcoill gur casadh an gcúirt air (casadh ag an gcúirt é). Chuaidh sé isteach 'sa gcúirt agus bhí bean istigh roimhe, bháith sí le deora é, mhúch sí le póga é thriomuigh sé le brata síoda fíor uaisle, más shíos a fuair sí é is shuas a d'fhag sí é. Céud míle fáilte romhat" adeir sí "a dhalta mo dhreabhtaire. Nach mór a' tiongeas nach fada a rinne tú orainn má bhí fhios a'd cá raibh muid ach is doigh nach raibh fhios gur cuireadh na geasa ort." "Ní raibh fhios" adeir sé. "ní bhfaigh tusa aon chapall go deó a sheasfas lá a marcúigheacht dhuit ach an láir dhonn" adeir sí "agus ní sa rioghacht seo atá sí ach tiubhrfha mise capall dhuit a máireach a thiubhrfhas ann tú. Tá sí ag fathach agus dreáthair dho na

fathaigh seo é ach seachain ar a bhfaca tú ariamh a bhfaigheadh sé balath t'anála mar dhá mbeadh fhios aige a tóruigheacht na lair dhonn atá tú ní bheadh saoghal uaire a chloig a'd agus ná leig taithne aige. "Agus" adeir sí "abair gur ag iarraidh maighistir maith atá tú nuair a thiocthas tú isteach ann. Fiaróchaidh sé dhíot a bhfuil aon mhaith leat timceall capaill agus abair thusa go bhfuil gur leóthab a chaith tú do shaoghal. Má chuireann sé ansoin a freastal air na caiple thú mar labhairíochaidh an lair dhonn leat an céud lá nua an dárna lá a mbeidh tú a dhul timceall orrthab ní aon mhaith dhuit a cainnt."

Bhuail sé marcúigheacht ar maidin lá'r na mhaireach ar a' gcapall sin thugadh sí croc dhe léim léithi, gleann dhe threaslóg agus an fharrge mhóir dhe léim rithite raithte. D'ímtigh leis agus bhí sé a siubhal agus ag sior imteacht agus ní raibh cáll dó sron a tharraingt ná an capall sin a tarringt aon taobh. Bhí sí fhéin ag deanamh ar theach an fhathaigh go raibh sé an amharc cúirt an fhathaigh gur thuit sé fhéin agus an capall gur cailleadh an capall. Nuair a cailleadh an capall níor rinne sé ach siubhal isteach sa gcúirt. Bhí bean istigh sa gcúirt bháith sí le deora é, mhúch sí le póga é, más shíos a fuair sé is shuas a dfág sí "goirim fhéin is gairsimic thú" adeir sí "a mhac mo dhreabhthaire. Céurd a chas a bealach seo thú." "Níl fhios a'm" adeir sé "ach mé bheith ann." "Ó ní dochar chuile rud inseacht dhom-sa" adeir sí "ach ná hinns dho aon duine eile é. Ní aon chall duit é innseacht dho fhear a tigh seo. Tá go leór leór ag imteacht thrí na chloigeann sin agus ní múide go naithnéochaidh sé chor a bit thú. Tá fhios a'm sa go maith cá bhfuil tú dhul ach má tá fhios ní bheidh fhios aige san é. Ní raibh mórán achair go dtáinig an fathach isteach agus thosuigh sé a cainnt leis seo.

Dfhiarruigh sé de cá raibh a thriall ná tharringt. "A cuartúigheadh oibre tá mé" adeir sé. "Cé'n sórt ceird tá a'd" adeir a fathach "obair a bith a gcuirfear léithi mé dheanfhaidh mé í" adeir sé ach tá mé go han mhaith a tabhairt aire go chapaill." "Teastuigteann do léithide go han ghéar uaim" adeir a fathach "tá go leór capaill agam." "Shiubhail siad amach gur spáin an fathach na caiple dhó. Bhí siad a dhul thríthab go dtáinig siad go dtí an lair dhonn. "Anois" adeir a fathach "ní mar a chéile an bheatha a thiubhrfas tú dhi seo agus do'n chuid eile, caithfidh tú feoil a thabhairt dhi seo ar chuile bhéilí."

"Deanfhaidh sin" adeir sé deanfaidh mise rud a bith a déarfhas tú liom." Is ait a' fear thú" adeir a fathach. Thugadh sé a suipéar san oidhche di chomh maith leis a gcuid eile dho na capaile. Lá'r na mhaireach ansoin chuaidh sé amach ar maidin agus bheatha sé na caiple agus níor labhair an lair dhonn leis. Nuair a tháinig sé isteach deire an lae agus leag sé a chuid aici "creidim" adeir sí "go bhfuil tusa an tan-mharcúigheach" Ní dheacha mé ar aon chapall ariamh nach mbeadh marbh a'm roimhe dheire an lae má's le mo fheabhas no nach b'eadh " adeir sé. "níl sí a bhfad uait anois" adeir sí an capall nach marbhócha a marcúigheacht uirthi. Gabhfhaidh tú amach anois nuair a bheas an fathach ina chodladh agus thiubhfhaidh tú leat snáthad mhór atá ar thaobh an bhalla agus buidéal uisge agus ubhla agus imteóchaidh muid. Is gearr a leighfheas an fathach muid ach béidir go gcoisneóchaidh muid muid fhéin air."

D'ímtigh leis agus thug sé leis iad agus bhuail sé a marcúigheach uirthi agus ar ndoigh bhí sogh aige. Ach sgearr a leig a fhatach iad. A bhfeiceann tú aon bhlas i do do dhiaidh" adeir sí. "Feicim an fathach" adeir sé. "Leigh chomh gar dhuit é agus féudfhas tú " adeir sí "agus

ansoin buail an buidéal uisge sin siar idir a dha shúil air agus níl aon mhaith ansain go gcaithfidh tú an tsnáthid leis agus cuir trí na chroidhe í agus níl aon mhaith dhuit ansain go mbuailfidh tú an tubhla ar a' mball doráin atá faoi na chích dheas dheis agus ta se réidh ansain."

Mharbhuigh sé an fathach ansain nuair bhuail sé chaon cheann acab air. Nuair a mharbhuigh sé ansain é chuir siad é san áit a raibh sé. "Anois tá mé ag dul go dtí an bhean is saidhbhre sa domhan go bposfaidh tú í agus tá an fear is saidhbhre sa domhan 'gá hiarraidh agus níl sé a corrughadh o'm gcúirt cor a bith uaithe. Síleann sé nach bhfuil fear a bith sa domhan chomh maith leis ach níl maith ar bith leis, is fearr a fear thusa seacht nuair ná é agus "adeir sí" níl aon mheas mór aige air agus ní bheidh a leath oiread aici air nuair fheiceas sí tusa. Tháinig siad ann ansain san oidhche. Bhí sé innsighthe ag a Láir Dhonn dho céurd sórt duine bhí innti gur ingean Rí í a raibh saidhbhreas na saidhbreas aici go raibh sí an-mhór innti fhéin agus an fear a bhí fanacht istigh aici go raibh sí ag iarraidh é chuir amach.

Nuair a bhí an Láir Dhonn agus an mac Rí i nÉirinn cupla lá ann tháinig Rí eile agus a mhór shluaighthe ag iarraidh an bhean seo a bhaint amach. Nuair a chonaic an bhean seo a teacht iad thug sí ticéad dhon fhear seo a bhí 'ga hiarraidh cheana "seo anois" adeir sí" má tá tú indan mise choinghbheal coinigh mé." "Coinuigheóchaidh mise thú" dubhairt a Láir Dhonn le mac Rí i nÉirinn an tam seo "tá ticéad faighthe ag an bhfear sin uaidh an mbean le í chonghbheál agus tiocfhaidh sé go dtí thusa agus cuirfidh sé faoi gheasa thú a dhul a troid ar a shon agus abair thusa leis, an ticéad a bhualadh aniar sa taobh ort agus greamóchaidh an ticéad dhíot agus gaibh a troid ansain agus ní mórán achair a bhead tú a marbhadh an méid sin."

Tháinig an fear mór chomh fada leis "cuirim se faoi gheasa thú is faoi mhór gheasa na bliana thú" adeir sé a dhul amach agus an méid sin amuigh a mharbhughadh deanfhaidh sin" adeir seisean "ach buail an ticead sin a tá a'd aniar sa taobh orm." Bhuail, agus ghreamaigh an ticéad ann. Chuaidh sé amach agus chuaidh thrithab, fúchab agus tharthab mar ghabhfhadh seabhac uasal thrí éanacha nu préacháin gearr thrí cearca, rinne se trí charnán díobh, carnán dá gcheann, carnán da gcosaibh agus óla mhór mhaitheasa da gcuid airm is éudaigh.

Chuaidh an fear isteach go dtí an bhean "tá siad marbhuighthe a'm" adeir sé. "Ó bféidir go bhfuil" adeir sí agus bhí fhios aici go maith nach é a mharbhuigh iad." "Caithfidh tú mise a phósadh anois" adeir sé. "Bhí cáca mór cruithneachta déanta aici nach raibh toigeal a láimhe ann "bhoil" adeir sí "ní phósfaidh mise aon fhear go brách ach fear a thiubhrfhas caor choirthainn a'm a bheas chomh mór leis a gcáca seo. "Ó" adeir sé tiubharfhaidh mise a'd é. D'arduigh sé leis amach a cáca agus chuir sé faoi gheasa mac Rí i nÉirinn caor chaothrainn a thabhairt aige a bheadh chomh mór leis. Chuaigh mac an Rí chomh fada leis an Láir Dhonn agus d'innis sé di an sgéul. "O tá sé i ngáirdín an fhathaigh " adeir sí "agus ceann níos mú ná é agus gabhfhaidh muid ina choinne."

Bhuail sé a marcuigheacht uirthi agus níor stop siad go ndeachaigh siad chomh fada le teach an fhathaigh agus gur bhreathnuigh siad timcheall air agus go bhfaca siad chuile shórt ceart ann. Thug leis an chaor chaorthainn go dtug sé ag a bhfear mór í. Chuaigh an fear mór go dtí

an bhean agus thug sé di é. "Caithfidh tú mise a phósadh anois" adeir sé. "Ní phosfadh mise aon fhear go dteo " adeir sí" ach fear a thiubhrfhas cloigeann iolrach na seacht dteanga agam". Ó tiubhrfhaidh mise a'd é" adeir sé. Chuaigh sé amach go dtí mac Rí i nÉirinn "cuirim se faoi gheasa thú agus faoi mhór dhiomú na bliana thú" adeir sé "cloigeann iolrach mór na seacht dteanga a thabhairt agam." "Cá bhfaigh mé é" adeir seisean. "Níl fhios a'm" adeir a fhear ach tabhait agam é. Chuaigh mac a Rí go dtí an Láir Dhonn agus d'innis sé an sgéul di. "Tá sé sin ag teach an fhathaigh freisin" adeir sí "ach is measa a t-éan é sin a mharbhughadh, ná an fathach. D'imtigh leothab go ndeachaigh siad ann go dtáinig siad ar an iorlach agus gur mharbhuigh siad é agus go dtug siad a chloigeann léothab. Thug sé ag a bhfear mór é agus thug an fear mór ag a mbean e. "Caithfidh tú mé a phosadh anois" adeir sé. "Ní phósfhaidh mise aon fhear go dteo" adeir sí ach fear a thiubharfhas thí bhuideal dhe uisge thobar na mbuaidh agus tá sé sin an taobh ó thuaidh dhe lofrann. "Tiubhrfhaidh mise chugat é sin" adeir sé. "Tabhair" adeir sí "agus seo ticéad dhuit agus biodh an ticéad sin dhom agus chuile thicéad eile dhá dtug mé dhuit nuair a bheas muid a dhul a posadh." D'imtigh leis agus tháinig sé ag mac Rí nÉirinn agus bhí sé innsighthe ag a Láir Dhonn dhó san go raibh sé le theacht "agus abair leis" adeir sí an ticéad a bhualadh sa druim ort agus greamóchaidh an ticéad dhíot." Tháinig an fear mór chomh fada leis. "Cuirim-se faoi gheasa thú " adeir sé "agus faoi mhór dhiomú na bliana gan aon darna béilí ithe dhe aon mheis go dtughfaidh tú agamsa trí bhuidéal dhe uisge thobar na buaidh. "Céurd a thabharfas tú dhom" adeir sé "ní thiubhrfhaidh mé tada dhuit," mar mar a dtiubhrfhair"adeir mac Rí i nÉirinn bhuail an ticéad sin a thug do bhean dhuit taobh thiar sa druim orm. "Ní bhuailfheadh" adeir sé. "Mar a mbuailfheadh" adeir mac Rí i nÉirinn "teighre thú fhéin ag iarradh a uisge bhuail sé an ticéad sa droim air agus ghreamuigh an ticead ann. Bhí na cheithre thicéad aice ansoin. "Tá sé chomh maith dhuit theacht anois" adeir a Láir Dhonn "agus ní fhéadfadh mise na gno sin a dheanamh mar a ndeanfadh duine eicint eile dhom é agus beidir go ndeanfadh."

Bhí siad ag imteacht ariamh ansoin go dtáinig siad ag bun cnuic agus na lasracha a bhí ag eirigh as mullach a chnuic b'facas dó go raibh siad a dhul go mullach an aéir. "Marbhuigh mise anois" adeir a láir dhonn leis"agus nuair a bheas mé marbh feann a taobh a bheas as mo chionn. Fill siar an craiceann agus luigh tú fhéin faoi. Is garr go dtiocfadh trí phreachán go m'ithe beidh ceann acab níos luigh an an péire eile, cuir tusa amach do laimh agus beir ar a gceann beag agus abair leis a bpéire eile nach leigfhidh tú uait an ceann beag go dtughfaidh siad san dhá bhuidéal dhe'n uisge agat. Ceangail do cuid buidéil faoi na muinéil agus imteochaidh siad agus is garr go bhfillfhidh siad agus uisge acab ach abair thusa nach bhfuil aon mhaith ann mar nuair a thiocfhaidh siad agus an tuisge ceart acab is ar éigin a bheas siad i ndon a theacht mar beidh siad dóighte. Nuair a thiocfhais siad agus an tuisge ceart acab beir orrthab agus abair leis an gceann beag nach lighfhidh tú uait iad go dtughfaidh sise buidéal dhe uisge thobar na mbuaidh agat. Nuair a thiocfhas sise agus an tuisge ceart aici tabhair a mór ndóthain dhíomsa le nithe do na trí cinn acab agus, buail cuid den uisge orrthab agus leigheasghaidh sé iad. Fill an craiceann ar ais ormsa ansoin agus buail cuid den uisge orm agus eirigéochaidh mé fhéin agus beidh muid a cainnt ansoin."

Mharbhuigh sé an láir dhonn ansoin agus d'fhean sé taobh dhi. Agus luigh sé faoi'n gcráiceann agus chuir sé taobh na feola amach. Tháinig na préacháin agus thosuigh siad ag ithe. Chuir sé a laimh amach agus rug sé ar na trí cinn. "Seo anois" adeir sé leis a dá phreachán mhóra dhá bhuidéal dhe uisge thobair na mbuaidh agam sa marochaidh mé an préacháinín beag". D'ímtigh siad ansoin agus ní raibh siad leath uair imtighe nuair a thainig siad agus trí bhuideal uisge acab. "Ó níl aon mhaith ann" adeir sé "teighigí agus tugaí an t-uisge ceart libh. D'ímtigh leothab ansoin agus sgearr go dtáinig siad agus gan liobar orthab. Chuimil sé an tuisge orthab agus leigheas sé iad. Anois adeir sé leis a bpreacháinín beag caithfidh tusa imteacht agus creidim nach bhfillfidh tú chor ar bith." "Bféidir go bhfillfhinn" adeir sí. D'ímtigh sí agus níor thug sí aon uisge aige go dtug sí an tuisge ceart aige agus na cleiteacha doighte uithi. Chumil sé an tuisge uirthi agus thug sé a ndóthain le nithe dóibh. Nuair a bhí a ndothain ithe acab dhe'n láir dhonn, d'iompuigh sé an cráiceann uirthi agus chumil sé an tuisge di agus d'eirigh sí suas.

Bhí an tuisge aige ansoin agus chuaigh siad ar ais. Nuair a bhí siad ag a stábla ansoin chuir an Láir Dhonn ialach air an tuisge a dhóirte amach ar bhias nú gur chumil sé cuid de ar fhéin chuile ait ó mhullach a chinne go buan a choise. "Anois" adeir an Láir Dhonn nuair a thiúbhfrfas an fear mór an tuisge ag an mbean tiubhrfhaidh sí léithe é suas go barr a thighe agus agus dóirthfhidh sí amach é an áit éicint ionnas go bhféudfhaidh sí é chumilt dhi fhéin mar chumil tusa agus nuair a bheas sé sin deanta aici tá trí bhairille teara aici agus gabhfaidh sí síos agus aníos de léim ina chaon cheann acab agus dearfadh sí ansoin nach bpósfaidh sí aon fhear go dteo ach fear a dheanfhas an cleas sin. Eireóchaidh an fear mór ansoin agus gabhfaidh sé fhéin ann agus bruitfear 'sa gcéud bhairille é."

Thug sé an tuisge ag an bhfear mór ansoin agus thug sé ag a mbean é. Thug sise léithi gur dhoirt sí a soitheach é gur chumil sí di fhéin é. Tháinig sí anuas ansoin agus bhí na trí bharille socruighthe aici agus chuaigh sí síos agus aníos dhe léim ionntab. Ní phosfhaidh mise aon fhear go deo "adeir sí" ach fear a dheanfas an cleas sin." Sin é an áit a raibh an deifir ar an bfear mór chuaigh sé de léim sa gcéud bhairille agus ar ndoigh d'fhan sé ann. "A ndéanfadh tusa é" adeir sí "le mac Rí nÉirinn." "Ní dheanfadh" adeir sé. "Nach tú rinne chuile rud" adeir sí. "iompugh thart" adeir sí. Chonaic sí an ticéad. "Is tusa m'fhear-sa" adeir sí. "Shilfeá nach niarrfá orm an cleas sin a dheanamh " adeir sé. "Ó dubhairt mé " adeir sí. "Caithfidh tú é dheanamh. Chuaigh sé de léim 'sna trí bhairille. "Is tusa m'fhear sa" adeir sí "agus posfaidh muid". "Déanfadh sin" adeir sé.

Caithfidh mise a dhul ag iarraidh mo chapall" adeir sé. Chuaigh sé amach agus ní raibh an capall ann. D'ímtigh sé ar a tóruigheacht agus ní mórán achair dhe'n bhóthar a bhí siubhalta aige nuair a casadh ceathar ban dhó. Bhí bean mhór ann agus bean bheag agus dhá bhean mar a chéille. "Labhair a bhean mhór leis agus d'fhiarfuigh sí dhe cá raibh sé a dul. D'innis sé di "gabh ar ais" adeir sí agus pós an bhean atá tú dhul a phósfaid". "Caithfidh mé í síúd fhágghail" adeir sé. "ní bhfaigh tú í" adeir sí is mise í agus gabh air ais agus pós do bhean. Ní phosfainn-se chor a bith thú. Pósfaidh mise gaisgidheach ar ball, níl gaisge a' bith ionnat sa." D'ionnthuigh sé ar ais agus phós sé an bhean agus d'fhan sé an aonfeacht léithi.

Ar maidin lá'r na bháireach nuair a d'éirigh an leas mháthair sa mbaile ghlaodh sí ar a dárna mac. "Tá capall strainséara anseo" adeir sí agus seans gur go tiarraidh atá sí. Tabhair leat an tsron agus feuch a dtiocfhaidh sí chomh fada leat." Thug sé leis an tsraon agus chraith sé í agus tháinig an capall aige. Bhual sé ar marcúigheacht uirthi agus ghread sí léithi agus níor stop sí go dtáinig sí chomh fada leis an mbean ar marbhuigheadh an fathach uirthi. "Tá tú ann" adeir a' bhean "cuir ar stábla í." Chuir sé amach í agus tháinig sé isteach.

Dubhairt an bhean leis go b'é an gnó a bhí aici dhi go dteighfheadh sé ag iarraidh bean a bhí ina léithide seo dhe áit a raibh "Cnoc an Óir air" "Ach ní mór dhuit a bheith an dfhear mhaith" adeir sí mar tá mac Rí agus a mhór – shluaighthe a teacht 'gá hiarraidh. Seo dhuit claimhe nac bhfuil a bhuadhachtáil ag a saoghal ar a té a mbeidh sí aige agus seo breann buidhe freisin agus má thaithuigeann tú leis a mbean gabhfhaidh sí a chongnamh dhuit." Siubhail leis agus ní raibh sé ach ceathair nú cúig dhe uaireannta go raibh sé san áit a raibh sí agus bhí na mór sluaighthe ansoin go dtugfadh siad leóthab gan bhuidheachas í. Nuair a tháinig sé isteach sa gcúirt tháinig a' bhean roimhe agus rug sí ar dhá láimh air agus chuir sí céud míle fáilte roimh mhac Rí nÉireann. Leag sí anuas chuile rud dhá fheabhas aige agus nuair a bhí sé ithe aige "anois" adeir sí "gabhfhaidh mise i gceann dhe'n champa tusa sa gceann eile."

Chuaidh siad amach agus chuaidh thríthab agus fúthab mar ghabhfadh préauchán gearr thrí chearca nú seabhac uasal thrí éinnacha. Rinne siad trí charnán díobh carnán dá gceann, carnán dá gcosaibh, agus ola mhór maitheasa dá gcuid airim agus éudaigh, cuid a' bith acab nar eirigh leóthab rith. Nuair a bhí an marbhughadh deanta phósadar agus chuadar abhaile ag bean an fhathaigh agus bhí fear na fáilte aici seo rúthab mar bhí fhios aici go bí an bhean seo an Láir Dhonn agus nach raibh aon bhean eile i ndan an áit a rith ach í. Thug sí suas an áit dhóibh ansoin. Bhí an oiread fhios ag a mbean ar an áit agus bhí ag bean an fhathaigh agus bhí an oiread draoigheacht aici leóthab freisin agus ní raibh aon fhitchios orrthab go dtiocfhaedh aon dhuine chomh fada leóthab a bhainfeadh an áit dhoibh d'fhan siad ansoin aríst go bhfuairadar bás.

21/5/32.